



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 22.12.2021
COM(2021) 566 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA,
CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA
NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

An chéad ghlúin eile d'acmhainní dílse le haghaidh bhuiséad an Aontais.

1. ULLMHÚ DON EORAIP TAR ÉIS COVID-19

Tháinig an tAontas Eorpach le chéile go tapa le freagairt chomhchoiteann láidir ag tús ghéarchéim COVID-19 nach bhfacthas a leithéid riamh. An 27 Bealtaine 2020, chuir an Coimisiún plean téarnaimh uailmhianach, nuálach agus eisceachtúil i láthair chun an tAontas a chur ar bhóthar an téarnaimh inbhuanaithe agus athléimnigh. Le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (dar teideal NextGenerationEU), a d'fhorghas an Chomhairle go foirmiúil an 14 Nollaig 2020¹ le tacaíocht ó Pharlaimint na hEorpa, slógtar suas le EUR 750 billiún² chun aghaidh a thabhairt ar an dochar eacnamaíoch agus sóisialta a rinne an phaindéim. In éineacht le buiséad fadtéarmach an Aontais, an creat airgeadais ilbhliantúil, EUR 1.8 trilliún atá ann ar an iomlán chun cuidiú leis an Eoraip a atógáil i ndiaidh COVID-19.

Tá sé d'aidhm ag NextGenerationEU go mbeidh an Eoraip níos láidre agus níos athléimní tar éis na géarchéime, rud a chuireann ár ngeilleagair ar chonair i dtreo fás inbhuanaithe. Chun é seo a bhaint amach, tugtar aghaidh ar na dúshlán is mó atá os ár gcomhair mar Aontas le NextGenerationEU, go príomha an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach. Leis na hioncaim arna nginiúint ag na hacmhainní dílse nua cabhrófar le maoiniú NextGenerationEU a aisíoc.

Luadh sna conclúidí ón gComhairle Eorpach an 21 Iúil 2020, go n-oibreoidh an tAontas, sna blianta atá amach romhainn, 'i dtreo athchóiriú a dhéanamh ar an gcóras acmhainní dílse agus tabharfaidh sé isteach acmhainní dílse nua'³. Sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 ina dhiaidh sin⁴, d'aontaigh Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún go gcaithfear 'aisíocaíocht phríomhshuim na gcistí sin a bheidh le húsáid le haghaidh caiteachas faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus an t-ús gaolmhar atá dlite a mhaoiniú le buiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear trí fháltais leordhóthanacha ó acmhainní dílse nua a thabharfar isteach tar éis 2021'⁵. Ina theannta sin, aithníonn an trí institiúid an tábhacht a bhaineann le comhthéacs Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus tá sé ráite acu nár cheart laghdú míchuí ar chaiteachas clár ná ar ionstraimí infheistíochta faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil a bheith mar thoradh ar chaiteachas bhuiséad an Aontais i ndáil le hIonstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a aisíoc. Thairis sin, tá sé sainráite acu gur inmhianaithe freisin na méaduithe ar an acmhainn dhílis ONI-bhuanaithe a mhaolú do na Ballstáit⁶. Thug an

¹Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 23.

²Is ina bpraghsanna ó 2018 atá na méideanna go léir sa doiciméad seo, mura sonraítear a mhalairt.

³Pointe 145 de Chonclúidí ón gComhairle Eorpach (17 go 21 Iúil 2020).

⁴ Comhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún maidir leis an méid a leanas; smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha, bainistíocht fhónta airgeadais agus acmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433I, 22.12.2020, lch. 28.

⁵ Foráiltear le Pointe D den Chomhaontú Idirinstitiúideach go gcaithfear 'aisíocaíocht phríomhshuim na gcistí sin a bheidh le húsáid le haghaidh caiteachas faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh agus an t-ús gaolmhar atá dlite a mhaoiniú le buiséad ginearálta an Aontais, lena n-áirítear trí fháltais leordhóthanacha ó acmhainní dílse nua a thabharfar isteach tar éis 2021. Aisíocfar na dliteanais ghaolmhara go léir ina n-iomláine faoin 31 Nollaig 2058'.

⁶Brollach, pointe E den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

Coimisiún gealltanais acmhainní dílse nua a mholadh in 2021 d'fhonn iad a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023 ar a dhéanaí⁷.

2. NA TOGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

2.1. Ciseán d'acmhainní dílse nua

Molann Coimisiún tosaíochtaí beartais an Aontais a leabú a thuilleadh i dtaobh an ioncaim de bhuiséad an Aontais. Is ionstraimí uile-AE iad trádáil astaíochtaí agus sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha lena bhfóntar don chuspóir comhchoiteann astaíochtaí gás ceaptha teasa ar an gcostas is lú, trí uasteorainn a chur ar astaíochtaí agus comhartha faoi phraghas an charbóin a sholáthar. An comhaontú stairiúil maidir leis an gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis (BEPS) ar 'Two-Pillar Solution to Address the Tax Challenges Arising from the Digitalisation of the Economy' [ráiteas maidir le réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair], an 8 Deireadh Fómhair 2021⁸, baineann sé le 137 dtír agus dlínse agus is éard atá iontu ná níos má ná 90 % d'olltáirgeacht intíre (OTI) an domhain. Déanfar sciar de bhrabúis ó na fiontair ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí ar domhan a ath-leithdháileadh ar thíortha rannpháirteacha ar fud an domhain le 'Colún 1' den chomhaontú sin, lena n-áirithítear go n-íocfaidh na gnólachtaí sin cion cothrom cánach pé áit ina n-oibríonn siad agus ina ghineann siad brabúis. Is gá gníomhaíocht a dhéanamh ar leibhéal an Aontais chun na tionscnaimh sin a bhaint amach, agus dá bhrí sin is bunús iomchuí iad d'acmhainní dílse an Aontais.

Tá sé molta ag an gCoimisiún an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse a leasú⁹ ionas go bhfabhróidh chuig buiséad an Aontais cuid den ioncam arna ghiniúint leis na tograí reachtacha a cuireadh chun tosaigh an 14 Iúil 2021 maidir le sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha¹⁰ agus trádáil astaíochtaí¹¹. Ina theannta sin, agus é ag tógáil ar an gcomhaontú stairiúil maidir leis an gCreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis, tá sé molta ag an gCoimisiún go mbunófar acmhainn dhílis nua atá bunaithe ar sciar de bhrabúis iarmharacha na bhfiontar ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí a ath-leithdháilfear ar Bhallstáit an Aontais. Thabharfaí an acmhainn dhílis seo isteach a luaith a bheadh an Coinbhinsiún Iltaobhach arna chaibidliú ag an gCreat Cuimsitheach um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis, agus Treoir an Aontais lena mbaineann, i bhfeidhm agus go mbeadh feidhm acu go héifeachtach. Ar mhaithe leis na hacmhainní dílse nua go léir a thabhairt isteach is gá go nglacfar na buntograí earnálacha.

⁷ Clár Oibre an Choimisiúin 2021, (COM(2020) 690 final.

⁸ *Statement on a Two-Pillar Solution to Address the Tax Challenges Arising From the Digitalisation of the Economy* [Ráiteas maidir le réiteach dhá cholún chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chánach a eascraíonn as digitiú an gheilleagair], Tionscadal ECFE/G20 maidir le Creimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis, 8 Deireadh Fómhair 2021.

⁹ Cinneadh (AE, Euratom) Uimh. 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, IO L 424, 15.12.2020, lch. 1

¹⁰ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, COM(2021) 564 final.

¹¹ Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus Rialachán (AE) 2015/757, COM(2021) 551 final.

Tá sé molta ag an gCoimisiún go mbeidh 25 % de na hioncaim a ghintear le trádáil astaíochtaí ina n-acmhainn dhílis do bhuiséad an Aontais. Tá pacáiste reachtaíochta molta ag an gCoimisiún chun astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) a laghdú tuilleadh faoi 2030, agus é mar chuspóir aige aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Go háirithe, áirítear leis sin an Córas Trádála Astaíochtaí (CTA)¹² atá ann a neartú, a raon feidhme a leathnú chuig an earnáil mhuirí, ceantáil na lamháltas astaíochta a mhéadú, agus córas trádála astaíochtaí nua a bhunú le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar. Cé go bhfabhraítear ioncaim ó cheantáil na lamháltas astaíochta faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais atá ann faoi láthair chuig buiséid náisiúnta den chuid is mó, molann an Coimisiún go gcuirfear cuid den ioncam ó thrádáil astaíochta an Aontais, sa todhchaí, isteach i mbuiséad an Aontais. D’áireofaí air sin fáiltais le haghaidh lamháltas atá ar fáil lena gceantáil, ach a bheartaigh na Ballstáit gan iad a cheantáil, agus an tsolúbthacht atá ionsuite i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais¹³ á húsáid acu. Lamháltais a cheantáil an Banc Eorpach Infheistíochta chun go maoineofar an Ciste don Nuálaíocht agus dearlaic thosaigh an Ciste don Nuachóiriú, déanfar iad a eisiamh ó raon feidhme na hacmhainne dílse. Meastar gur thart ar EUR 9 milliún in aghaidh na bliana thar an tréimhse 2023-2030 atá in ioncaim le haghaidh bhuiséad an Aontais, agus féadfar Ciste Aeráide Sóisialta a mhaoiniú de bharr sciar díobh.

Tá sásra coigeartaithe dlúthpháirtíochta sealadach molta ag an gCoimisiún chomh maith chun ranníocaíocht acmhainne dílse ó na Ballstáit go léir atá bunaithe ar chóirthrádáil astaíochtaí a áirithiú. Go háirithe, go dtí 2030, beidh feidhm ag uasteorainn agus ag íosteorainn le haghaidh ranníocaíocht acmhainne dílse maidir le trádáil astaíochtaí an Aontais, maidir leis an eochair ollioncaim náisiúnta. Seachnófar leis sin cás ina ndéanfaidh roinnt Ballstát ranníocaíochtaí díreireacha do bhuiséad an Aontais i gcomparáid le méid a ngeilleagar féin, le linn na hidirthréimhse i dtreo geilleagair agus sochaithe níos inbhuanaithe, agus áiríteofar go ndéanfaidh gach Ballstát ranníocaíocht chóir.

Tá sé molta ag an gCoimisiún go mbeidh 75 % de na hioncaim a ghintear le tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha ina n-acmhainn dhílis do bhuiséad an Aontais. Is é príomhchuspóir shásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha tacú le hastaíochtaí carbóin domhanda a laghdú, trí aghaidh a thabhairt ar an riosca sceite carbóin. I gcomhthéacs an sásra, is gá go bhfaighidh dearbhóirí méid leordhóthanach deimhniú chun astaíochtaí a n-earraí allmhairithe a chumhdaigh. Faoin togra le haghaidh rialacháin lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha, bheadh na Ballstáit freagrach as ioncaim a bhailiú ó dhíol deimhnithe an tsásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha. Meastar gur thart ar EUR 0.5 milliún in aghaidh na bliana thar an tréimhse 2023-2030 atá in ioncaim le haghaidh bhuiséad an Aontais¹⁴.

Molann an Coimisiún acmhainn dhílis atá coibhéiseach le 15 % den sciar de bhrabúis iarmharacha na bhfiontar ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí a ath-leithdháilfear ar Bhallstáit an Aontais faoin gcomhaontú maidir leis an gcreat cánach idirnáisiúnta a athchóiriú. An 8 Deireadh Fómhair 2021, d’aontaigh 137 dtír atá mar

¹²Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas Eorpach.

¹³ An maolú chun lamháltais saor in aisce a thabhairt don earnáil giniúna cumhacht, cur ar ceal lamháltas faoin rialachán maidir le comhroinnt díchill, aistrithe breise lánroghnacha chuig an gCiste don Nuachóiriú.

¹⁴ Ní mheastar go mbeidh ioncaim á nginiúint ag an sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha san idirthréimhse ó 2023 go 2025, i gcomhréir le Rialachán (AE) [XXX] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear sásra coigeartaithe carbóin ar theorainneacha.

bhaill den Chreat Cuimsitheach ECFE/G20 um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis ar réiteach dhá cholún maidir le hath-leithdháileadh bhrabúis fiontar ilnáisiúnta agus maidir le híosráta cánach domhanda éifeachtach. Déanfar sciar de bhrabúis ó na fiontair ilnáisiúnta is mó agus is brabúsaí ar domhan a ath-leithdháileadh le ‘Colún 1’ den chomhaontú ar dhlínsí margaidh deiridh ina n-úsáidtear nó ina bhfaightear earraí nó seirbhísí. Tá bailchríoch á cur fós ar ghnéithe eile cur chun feidhme praiticiúla an chomhaontaithe. Thug an Coimisiún gealltanais ina Chlár Oibre le haghaidh 2022 togra a chur síos le haghaidh Treorach lena dtugtar éifeacht don chomhaontú i gcomhréir le dlí an Aontais agus i gcomhréir le ceanglais an Mhargaidh Aonair. Faoi thogra an Choimisiúin le haghaidh acmhainn dhílis, dhéanfaidh na Ballstáit ranníocaíocht náisiúnta i leith Bhuiséad an Aontais agus bheadh an ranníocaíocht bunaithe ar sciar de bhrabúis inchánacha fiontar ilnáisiúnta a ath-leithdháileadh ar gach Ballstát faoi Cholún 1. Go dtí go dtabharfar an comhaontú i gcrích, d’fhéadfadh ioncaim do bhuiséad an Aontais a bheith chomh hard le EUR 2.5-4 bhilliún in aghaidh na bliana¹⁵.

2.2. Leasú ar an rialachán lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027

Leanfar próifíl de laghdú seasta agus intuatha ar dhliteanais le haisíocaíocht NextGenerationEU, trí fhorálacha iomchuí sa chreat airgeadais ilbhliantúil. D’áiríteofaí intuathacht agus cobhsaíocht aisíocaíochta le sruth seasta d’ioncam ó acmhainní dílse nua. Chun an chaoi go n-áiríteofar aisíocaíocht NextGenerationEU¹⁶ le fálaí ó acmhainní dílse nua a shainaithint, tá sásra coigeartaithe uathoibríoch molta ag an gCoimisiún dá bhrí sin ar uasteorainneacha an chreata airgeadais ilbhliantúil¹⁷ bunaithe ar na méideanna acmhainní dílse nua a bailíodh¹⁸.


¹⁵ Ní féidir uimhir níos beaichte a shainaithint ag an bpointe seo ós rud é go bhfuil na pléití maidir le sonraí teicniúla cur chun feidhme áirithe de chomhaontú ‘Colún 1’ ECFE/G20 fós ar siúl. Tá an raon a sholáthraítear bunaithe ar shraith toimhdí leathana agus ní féidir é a cháiliú freisin mar gheall ar shaincheisteanna teorannaithe sonraí maidir leis na cuideachtaí féideartha a d’fhéadfadh rannchuidiú le hath-leithdháileadh cearta chun cánachais faoin gcomhaontú ar deireadh.

¹⁶ I gcomhréir le pointe 150 de Chonclúidí ón gComhairle Eorpach (17 go 21 Iúil 2020), ina sonraítear go n-úsáidfear ‘na fálaí ó na hacmhainní dílse nua a thabharfar isteach tar éis 2021 chun iasachtaíocht Next Generation EU a aisíoc go luath. Iarrtar ar an gCoimisiún athbhreithniú a mholadh ar CAI chuige sin in am trátha’.

¹⁷ De réir mar a bhunaítear in Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11.

¹⁸ Tá uasteorainn de EUR 15 bhilliún (i bpraghsanna 2018) ar an sásra coigeartaithe uathoibríoch, a fhreagraíonn do mheánmhéid bliantúil de EUR 17.4 billiún (i bpraghsanna reatha) don tréimhse 2024-2027. Beidh na méideanna is gá le haghaidh aisíocaíocht NextGenerationEU tar éis 2027 ag brath ar mhéid iarbhair na hiasachtaíochta chun tacaíocht neamh-inaisíochta a mhaoiniú, chomh maith le haon aisíocaíocht ar an iasachtaíocht sin a dhéantar sa chreat airgeadais ilbhliantúil reatha.

Figiúr 1 - Laghdú atá beartaithe ar dhliteanais NextGenerationEU



Foinse: An Coimisiún Eorpach. Méideanna i bpraghsanna reatha.

Chuir an Coimisiún togra ar Chiste Aeráide Sóisialta chun tosaigh¹⁹ chun teaghlaigh leochaileacha a chosaint ó ualach breise airgeadais mar thoradh ar chóras trádála astaíochtaí nua le haghaidh foirgneamh agus iompar de bhóthar a bhunú san Aontas. Beidh imchlúdach airgeadais an Chiste ag teacht, i bprionsabal le méideanna atá comhréireach le 25 % d'ioncain ionchasacha ó chuimsiú foirgneamh agus iompar de bhóthar i raon feidhme thrádáil astaíochtaí an Aontais. Ní dhearnadh foráil don chaiteachas breise seo sa togra tosaigh ón gCoimisiún le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil. Chuige sin, tá méadú ar Cheannteideal 3 agus, dá réir sin, ar uasteorainn na n-íocaíochtaí molta ag an gCoimisiún, a áireamh sa leasú spriocdhírthe ar an rialachán don chreat airgeadais ilbhliantúil, chun an caiteachas breise don Chiste a chur san áireamh don tréimhse 2025-2027.

Príomhbhuntaíste a bhaineann le buiséad an Aontais a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar thionchair shóisialta an chórais trádála astaíochtaí nua ná go mbeidh an Ciste Aeráide Sóisialta ag brath ansin ar na forálacha rialaithe atá i bhfeidhm cheana sa bhuiséad ginearálta. Beidh sé faoi fhormhaoirseacht na Cúirte Iniúchóirí agus bheadh ar Pharlaimint na hEorpa, ar mholadh ón gComhairle, urscaoileadh a thabhairt don Choimisiún le haghaidh a oibríochta. Áirithítear cuntasacht i leith caiteachais leis seo agus tabharfar dearbhuithe maidir le cáilíocht chaiteachas an Chiste.

3. NA CHÉAD CHÉIMEANNA EILE

Foráiltear sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 go ndéanfaidh na hinstiúidí na beart is gá chun formheas pras an chreata le haghaidh acmhainní dílse nua a áirithiú. Gheall an Chomhairle go bpléifear an chéad chiseán acmhainní dílse nua sin faoin 1 Iúil 2022 chun iad a thabhairt isteach faoin 1 Eanáir 2023. Thairis sin, i

¹⁹Togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta, COM(2021) 568 final.

bhfianaise an tiomantais arna ghlacadh sa Chomhaontú Idirinstitiúideach agus gur gá méid leormhaith d'acmhainní dílse nua a thabhairt chun Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a aisíoc, **tíolacfaidh an Coimisiún togra le haghaidh dara ciseán acmhainní dílse nua faoi dheireadh 2023.**

Sa chomhthéacs seo, mar a athdhearbhaítear sa 'Teachtaireacht maidir le Cánachas Gnó don 21^ú haois'²⁰ ó mhí Bhealtaine 2021, molfaidh an Coimisiún acmhainní dílse nua breise, a bhféadfadh Cáin ar Idirbhearta Airgeadais agus acmhainn dhílis atá nasctha leis an earnáil chorparáideach. Leis an dara pacáiste sin, tógfar ar thogra dar teideal '*Business in Europe: Framework for Income Taxation – BEFIT*' [Gnólachtaí san Eoraip: Creat le haghaidh Cánachais Ioncaim] dá bhforáiltear le haghaidh 2023.

Comhaontú gasta ar na tograí lena leasaítear an Cinneadh maidir le hAcmhainní Dílse agus an rialachán lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021-2027, chomh mhaith le formheas pras ó na Ballstáit den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse, i gcomhréir lena gceanglais bhunreachtúla féin, thabharfadh siad sin na modhanna don Aontas a uailmhianta a bhaint amach – sochaí do gach Eorpach atá aeráidneodrach, digiteach, cóir, cuimsitheach agus athléimneach.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú leanúnach ar an bpróiseas glactha chun méideanna leormhaithe le haghaidh aisíocaíocht Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh a áirithiú.

²⁰COM(2021) 251 final.